AR SCOIL

Íosa agus na leanaí

Dathaigh an pictiúr agus scríobh na focail. Cuir tú féin sa phictiúr.

SA BHAILE

Bheannaigh Íosa na leanaí

Léigh an dán seo leis an teaghlach.

An tseachtain seo, insímid scéal faoin uair a chas Íosa ar roinnt páistí agus a dteaghlaigh. Bheannaigh sé iad. Bhí grá speisialta ag Íosa do pháistí.

Chaith Íosa a lán ama
Ag caint le fir is mná,
Ag éisteacht lena scéalta
Ag labhairt leo faoi ghrá.

Tháinig strainséirí is a bpáistí
Tráthnóna amháin go mall;
'Tá tuirse air,' arsa a chairde,
'Tagaigí ar ais ar ball.'

Ach chuala Íosa an comhrá:
'Tá céad míle fáilte romhaibh,
Suígí liom anseo faoin dair.'
Agus thug sé beannacht dóibh.

Bígí ag caint
Cén sórt duine é Íosa?

Guígí le chéile
Beannaigh do pháiste – gearr *Comhartha na Croise* ar a c(h)lár éadain.

AR SCOIL

An tAoire Maith

Cad atá faoi chúram an aoire? Tarraing agus dathaigh é.



SA BHAILE

Is é Íosa ár nAoire Maith

Tá grá ag Íosa duit. Scríobh d'ainm.

An tseachtain seo, cuirtear cúram Íosa os comhair na leanaí – tugann Íosa aire dóibh mar a thugann aoire dá chaoirigh.

Bígí ag caint
Tugann Íosa aire dúinn: Múineann Íosa sinn, éisteann sé linn agus tá sé cineálta linn. Cabhraíonn sé linn an rud ceart a dhéanamh.

Guígí le chéile
Tabhair aire dom, a Thiarna, mar a dhéanfadh Aoire agus mise mar chaora i do thréad.

AR SCOIL

Mhúin Íosa na daoine

Cabhraigh leis na daoine teacht chuig Íosa.



SA BHAILE

Dúirt Íosa …

Léigh agus scríobh na focail.

An tseachtain seo, múinimid do na páistí faoin dá rud is mó a theastaíonn ó Dhia go ndéanfaimis, dar le hÍosa: Gráigh Dia agus gráigh daoine eile.

Dúirt Íosa, gráigh Dia le do chroí go hiomlán, le d'anam go hiomlán, le d'aigne go hiomlán agus le do neart go hiomlán. Agus gráigh daoine eile mar a ghránn tú tú féin.

Bígí ag caint
Conas is féidir le do pháiste grá a thaispeáint do dhaoine eile?

Guígí le chéile
A Íosa, a chara, cabhraigh linn grá a thaispeáint do Dhia agus do dhaoine eile faoi mar a mhúin tú dúinn.
Áiméan.

AR SCOIL

Taispeánaimid grá

Na leanaí a thaispeánann grá, ciorclaigh iad agus dathaigh iad.

SA BHAILE

Taispeánaim grá

Tarraing agus dathaigh bealach amháin is féidir leat Íosa a leanúint.

An tseachtain seo, cabhraímid leis na páistí teagasc Íosa a leanúint.

Bígí ag caint
Faoi na bealaí is féidir linn grá a thaispeáint sa bhaile: cabhrú le chéile, a bheith cineálta le chéile, slacht a chur ar an gcistin, barróg a thabhairt …

Guígí le chéile
A Íosa, a chara, go raibh maith agat as taispeáint dúinn conas grá a thabhairt. Beannaigh na daoine a thugann grá dúinn. Cabhraigh linn grá a thaispeáint do dhaoine eile. Áiméan.